C/2026/3005

3.6.2026

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Aibreán 2026

lena mbunaítear an tArdán um Shimpliú

(C/2026/3005)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá simpliú agus laghdú na n-ualaí ar cheann de phríomh-thosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin, agus tá an méid sin fothaithe sa chlár oibre seanbhunaithe atá aige maidir le Rialáil Níos Fearr. Bhí sé de chuspóir ag an méid sin feabhas a chur le beartais agus dlíthe an Aontais agus iad a shimpliú ag an am céanna, rialacha a shoiléiriú, a n-intuigtheacht a éascú agus luas a chur lena gcur i bhfeidhm freisin gan an bonn a bhaint dá gcuspóirí ná uaillmhianta sóisialta agus timpeallachta an Aontais a laghdú.

(2) Is é an for-chuspóir atá le hiarrachtaí an Choimisiúin i ndáil le simpliú agus forfheidhmiú go gcruthófar deiseanna nuálaíochta agus gnó chun iomaíochas, saibhreas agus athléimneacht an Aontais a neartú.

(3) Tá an Coimisiún tiomanta an comhar leis na hinstitiúidí agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile a neartú freisin ionas go spreagfaidh comhfhreagracht torthaí níos fearr. Le Cinneadh C(2015) 3261 ón gCoimisiún [1] bunaíodh an tArdán REFIT (Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála)(2014-2019) agus an tArdán Réidh don Todhchaí (2020-2024) agus le Cinneadh C(2020) 2977 ón gCoimisiún [2] chun tacú leis na hiarrachtaí sin agus cuidiú leis an gCoimisiún réimsí a shainaithint a mbeadh sé d'acmhainn acu an reachtaíocht a shimpliú agus na hualaí riaracháin a laghdú.

(4) Chun uaillmhian an Choimisiúin maidir leis na tairbhí is mó agus is féidir a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do dhaoine a urramú agus ualaí rialála nach bhfuil gá leo á seachaint an tráth céanna, ní mór don Choimisiún leanúint de leas a bhaint as comhairle saineolaithe a iarraidh agus as fianaise a bhailiú ar an láthair.

(5) Ar bhonn na taithí a fuair sé leis na hardáin REFIT agus Réidh don Todhchaí, tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún grúpa nua saineolaithe a bhunú - 'an tArdán um Shimpliú'. Ar an Ardán seo, tabharfar le chéile údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla na mBallstát, Choiste na Réigiún a fhaigheann tacaíocht ó Líonra na Mol Réigiúnach ('RegHubs'), Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, comhpháirtithe sóisialta, gnólachtaí beaga agus móra, eagraíochtaí tomhaltóirí agus comhshaoil agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile.

(6) Déanfaidh an tArdán obair ar shimpliú agus ar ualaí a laghdú chun fianaise a bhailiú maidir le cur chun feidhme rialacha an Aontais agus, nuair is ábhartha iad, gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Cabhróidh an tArdán le cleachtais rórialála a shainaithint, cleachtais bhféadfadh ilroinnt an mhargaidh aonair a bheith mar thoradh acu. Éascóidh sé malartuithe agus comhordú maidir le straitéisí um shimpliú agus um laghdú na n-ualaí agus, sa chomhthéacs sin, cuirfidh sé ionchur ar fáil don chlár oibre maidir le rialáil níos fearr.

(7) Leis na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn cruthaítear deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta suntasacha mar gheall ar an nuálaíocht mhear. D'fhéadfadh an reachtaíocht fás a spreagadh ó thaobh úsáid na dteicneolaíochtaí sin agus ba cheart go mbeidh an tAontas in ann lántairbhe a bhaint astu freisin. Ag an am céanna áfach, de réir mar a chuirtear dlús le hathruithe, tá an baol ann go dtitfidh gnólachtaí - go háirithe na cinn is lú - idir dhá stól i.e. luas an chlaochlaithe agus an cumas atá acu iad féin a oiriúnú go tapa agus iad aireach ar na costais ghaolmhara ag an am céanna. Tá sé fíor-riachtanach mar sin go seachnóidh an rialachán ualaí breise agus go gcuirfear deireadh leis na hualaí sin nach bhfuil gá leo nó atá iomarcach. Sa chaoi sin, cabhróidh an tArdán leis an gCoimisiún constaicí rialála a chuireann bac ar chur chun feidhme laethúil reachtaíocht an Aontais a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu freisin.

[1] Commission-decision-establishing-refit-platform_may_2015_en. pdf.
[2] Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2020 lena mbunaítear an tArdán Réidh don Todhchaí C(2020) 2977 eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020D0512(01)

(8) Cabhróidh an tArdán leis an gCoimisiún freisin deiseanna digiteála agus réitigh dhigiteála a shainaithint, rudaí a d'fhéadfadh na hualaí riaracháin atá ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí a laghdú a thuilleadh, éifeachtúlacht a fheabhsú sna nósanna imeachta rialála agus tacaíocht a thabhairt dá gcur chun feidhme.

(9) Oibreoidh an tArdán ar chlár oibre a bheidh molta ag an gCoimisiún agus cuirfidh sé ionchur tráthúil agus praiticiúil ar fáil chun tacú le simpliú agus le laghdú na n-ualaí, agus cuirfear san áireamh leis sin bearta chun aghaidh a thabhairt ar an rórialáil. Ba cheart dó freagairt d'iarraidh ar bith ón gCoimisiún maidir le faisnéis, fianaise, agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir le hábhair a bhaineann lena chuid oibre i ndáil le simpliú agus laghdú na n-ualaí. Ba cheart ionchur a thabhairt ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann deonach; níor cheart aon cheanglas a bheith ann teacht ar chomhréiteach ná aighneachtaí a ghlacadh de chomhthoil.

(10) Féadfaidh an tArdán cabhrú le réimsí beartais agus reachtaíochta a shainaithint nuair a d'fhéadadh na beartais sin costais neamhriachtanacha a chruthú do ghnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus do shaoránaigh agus do sheirbhísí riaracháin phoiblí mar gheall ar reachtaíocht an Aontais agus d'fhéadfadh an tArdán réitigh ar na pointí sin a mholadh.. Tabharfaidh an tArdán comhairle don Choimisiún maidir le slite chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar chomhleanúnachas reachtaíocht an Aontais, dlús na reachtaíochta ([3]) agus castacht na reachtaíochta san áireamh. A mhéid agus is féidir, déanfaidh an tArdán a shainaithint an eascraíonn ualaí breise as reachtaíocht an Aontais féin nó as cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais sna Ballstáit.

(11) Ba cheart rialacha um nósanna imeachta agus um nochtadh faisnéise a leagan síos.

(12) Ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(13) Ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse theoranta.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Ábhar

Tá an tArdán um Shimpliú ('an tArdán') curtha ar bun.

Airteagal 2

Cúraimí

1. Cabhróidh an tArdán leis an gCoimisiún agus é i mbun oibre ar shimpliú agus ar laghdú na n-ualaí trí ionchur inghníomhaithe a sholáthar maidir leis na hábhair a shainaithníonn an Coimisiún, agus beidh fócas ar leith ann ar chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

2. Féadfaidh comhaltaí an Ardáin moltaí a thabhairt maidir le réimsí beartais ina gceaptar go bhfuil gá le tuilleadh simplithe, le pointí ábhartha a shainaithint sa chaoi sin, le fianaise agus moltaí a thabhairt maidir le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Maidir leis na hábhair arna sainaithint, déanfaidh an tArdán an méid seo a leanas:

(a) cabhróidh sé leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil reachtaíocht an Aontais oiriúnach i gcónaí dá chuspóirí a bhaint amach go héifeachtach agus go héifeachtúil, do dheiseanna a shainaithint chun castacht nó comhlíonadh agus na hualaí riaracháin a laghdú, agus déanfar sin trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha agus leictreonacha i gcás inarb iomchuí;

([3]) I gcás na reachtaíochta de, tagraíonn 'dlús' don leordhóthanacht chun prionsabail agus spriocanna a leagan síos i bhfianaise an riachtanais saintreoracha teicniúla mionsonraithe a leagan amach i ndáil leis na spriocanna a bhaint amach, ar spriocanna iad a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar mhéid na discréide a bhíonn ag na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla nuair a chuireann siad an reachtaíocht chun feidhme (mar a shainítear in obair an Tascfhórsa um Choimhdeacht, Comhréireacht agus 'Níos lú a dhéanamh ar Bhealach níos éifeachtúla').

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(b) tabharfaidh sé comhairle agus léargas don Choimisiún maidir le saincheisteanna praiticiúla i ndáil le cur chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais ar gach leibhéal d'fhonn shainaithint cén acmhainn atá ann i leith ualaí agus rórialáil a laghdú, agus reachtaíocht an Aontais a shimpliú, agus cuirfear an digiteáil san áireamh leis an méid sin;

(c) tabharfaidh sé agus malartóidh sé ionchur maidir le saincheisteanna a bhaineann le hobair rialála níos fearr laistigh den chlár oibre um shimpliú agus um laghdú na n-ualaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil freisin, agus cuirfear gníomhaíochtaí a bhaineann le comhairliúcháin le páirtithe leasmhara san áireamh.

(d) Féadfaidh an tArdán tuairimí a mhalartú maidir le dul chun cinn an chláir oibre um shimpliú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

Airteagal 3

Ballraíocht

1. Beidh ballraíocht an Ardáin comhdhéanta de:

(a) suas le 15 shaineolaí aonair arna gceapadh ag Ardrúnaí an Choimisiúin mar thoradh ar an nós imeachta roghnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4 agus a mbeidh leas coiteann acu le páirtí leasmhar i réimse beartais ar leith;

(b) údaráis inniúla na mBallstát, bíodh sin ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil nó réigiúnach;

(c) Coiste Eorpach na Réigiún agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

2. Na saineolaithe a cheapfar chun ionadaíocht a dhéanamh ar an leas coiteann dá dtagraítear i mír 1(a), ní dhéanfaidh siad ionadaíocht ar pháirtí leasmhar aonair, ach déanfaidh siad ionadaíocht ar threoshuíomh beartais a bheidh ina leas coiteann ag eagraíochtaí éagsúla páirtithe leasmhara. Déanfaidh siad ionadaíocht ar ghnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a mbeidh taithí dhíreach acu ar reachtaíocht an Aontais.

3. Maidir le comhaltaí an Ardáin dá dtagraítear i mír 1(b), pointe (b), ainmneoidh siad triúr ionadaithe an ceann acu agus beidh siad freagrach as a áirithiú go gcuirfidh a n-ionadaithe ardleibhéal saineolais ar fáil sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 2(2).

4. Maidir le comhaltaí an Ardáin dá dtagraítear i mír 1(c), ainmneoidh siad ionadaí amháin faoi seach.

5. Ceapfar gach comhalta den Ardán ar feadh tréimhse theoranta arb ionann sin agus sainordú an Choimisiúin.

6. Comhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar leas coiteann ach nach bhfuil in ann cuidiú go héifeachtach le hobair an Ardáin, nó comhaltaí nach gcomhlíonann, i dtuairim Ardrúnaíocht an Choimisiúin, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó comhaltaí a éireoidh as, ní bhfaighidh siad cuireadh a thuilleadh páirt a ghlacadh in aon chruinniú de chuid an ghrúpa agus féadfar ionadaí eile a cheapadh as an bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 4(4), don tréimhse a bheidh fágtha dá dtéarma oifige.

Airteagal 4

Próiseas roghnúcháin

1. Déanfar comhaltaí an Ardáin a dhéanann ionadaíocht ar leas coiteann a roghnú trí bhíthin glao poiblí ar iarratais a fhoilsiú sa Chlár de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna ([5]) ('an Clár de Ghrúpaí Saineolaithe'). Thairis sin, féadfar an glao ar iarratais a fhoilsiú freisin ar bhealaí eile, lena n-áirítear ar shuíomhanna gréasáin tiomnaithe. Sa ghlao ar iarratais, leagfar amach go soiléir na critéir roghnúcháin, lena n-áirítear an saineolas is gá agus na leasanna a ndéanfar ionadaíocht orthu i ndáil leis an obair atá le déanamh. Is é 4 seachtaine an sprioc-am is giorra le haghaidh iarratas.

2. Ní mór do dhaoine aonair a dhéanann ionadaíocht ar leas coiteann a bheith cláraithe sa Chlár Trédhearcachta ([6]) chun go gceapfar iad.

([5]) https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/home?lang=ga.
([6]) https://transparency-register.europa.eu/index_ga.

3. Daoine aonair a dhéanann ionadaíocht ar leas coiteann, ceapfaidh Ardrúnaí an Choimisiúin iad as measc speisialtóirí a d'fhreagair an glao ar iarratais agus a chomhlíonann na critéir roghnúcháin a leagtar amach sa ghlao ar iarratais.

4. Déanfaidh Ardrúnaíocht an Choimisiúin painéal iarrthóirí oiriúnacha a bhunú agus féadfar é a úsáid nuair is gá chun ionadaí ar bith a roghnú ar chomhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar leas coiteann. Iarrfaidh Ardrúnaíocht an Choimisiúin toiliú ar na hiarrthóirí sula gcuirfear a n-ainmneacha ar an bpainéal.

Airteagal 5

An Cathaoirleach

Beidh an Coimisinéir um Chur Chun Feidhme agus Simpliú ina chathaoirleach ar chruinnithe iomlánacha an Ardáin. Féadfar ionadú a dhéanamh ar an gCoimisinéir nuair is gá sin. Beidh oifigigh ón Ardrúnaíocht ina gcathaoirligh ar chruinnithe eile seachas na cruinnithe iomlánacha.

Airteagal 6

Oibríocht

1. Oibreoidh an tArdán ar iarraidh an Chathaoirligh le tacaíocht ó Ardrúnaíocht an Choimisiúin agus i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha.

2. Freastalóidh comhaltaí aonair agus ionadaithe comhaltaí ar chruinnithe an Ardáin. De ghnáth, déanfaidh an Coimisiún cruinniú iomlánach an Ardáin a thionól dhá uair in aghaidh na bliana. I bprionsabal, is in áitreabh de chuid an Choimisiúin a thionólfar cruinnithe iomlánacha an Ardáin. I bprionsabal, tionólfar cruinnithe eile trí bhíthin físchomhdhálacha.

3. Roimh gach cruinniú iomlánach, cuirfidh an Coimisiún dréachtchlár oibre le chéile agus cuirfear na saincheisteanna air a mbeidh ionchur de dhíth orthu. De ghnáth, ní fhéachfaidh an tArdán ar ábhair a thagann faoi na critéir eisiaimh seo a leanas:

(a) reachtaíocht atá á scrúdú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle mar chuid den nós imeachta reachtaíochta nuair a mholtar an t-ábhar sin;

(b) ábhar nach bhfuil aon nasc soiléir agus inléirithe aige le laghdú ualaigh, le simpliú nó le cur chun feidhme níos éifeachtúla dhlí an Aontais nó óna dteastaíonn anailís theicniúil nó eolaíocht nach dtitfidh faoi bhráid obair an Ardáin, nó an dá chineál anailíse;

(c) ábhar atá faoi réir comhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta, bíodh sin beartaithe nó ar siúl cheana féin.

4. Beidh an t-ionchur ó chomhaltaí an Ardáin inghníomhaithe go díreach, beidh sé praiticiúil agus bunaithe ar fhianaise agus beidh sé so-úsáidte ag seirbhísí an Choimisiúin ina gcuid beartas agus ina gcuid oibre cur chun feidhme.

5. Ba cheart ionchur a thabhairt ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann deonach; ní bheidh aon cheanglas ann teacht ar chomhréiteach i ndáil leis an ionchur ná aighneachtaí um an ionchur a ghlacadh de chomhthoil.

6. Gníomhóidh Ardrúnaíocht an Choimisiúin mar rúnaíocht don Ardán agus tabharfaidh sí tacaíocht riaracháin dó.

7. I gcomhaontú le hArdrúnaíocht an Choimisiúin, féadfaidh an tArdán a chinneadh, trí thromlach simplí dá chomhaltaí, go ndéanfar a chuid plé go poiblí.

8. Féadfaidh oifigigh an Choimisiúin ó ranna eile a bhfuil leas acu sna himeachtaí freastal ar chruinnithe an Ardáin.

9. Ar iarraidh an Chathaoirligh agus i gcomhordú le hArdrúnaíocht an Choimisiúin, cuirfidh Líonra Toscairí na FBManna le hobair an Ardáin, go háirithe trí ionchur agus comhairle a sholáthar maidir leis na hualaí agus le castacht na reachtaíochta a dhéanann difear d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

10. Faoi chúram an Chathaoirligh, dréachtfaidh rúnaíocht an Ardáin miontuairiscí ar gach cruinniú iomlánach le chéile. Beidh na miontuairiscí fóinteach agus iomlán, agus léireofar iontu ionchur a chuir comhaltaí an Ardáin isteach sa chlár oibre, torthaí ar an bplé, agus aon ghníomhaíocht leantach a gealladh.

11. Chun éifeachtacht a áirithiú, féadfar réamhoibreacha roimh na cruinnithe iomlánacha a dhéanamh roimh ré trí chomhairliúcháin i scríbhinn, trí chruinnithe físchomhdhála nó trí mhalartuithe leictreonacha.

Airteagal 7

Saineolaithe a gheobhaidh cuireadh

1. Féadfaidh an Cathaoirleach, ar bhonn *ad hoc*, cuireadh a thabhairt do shaineolaithe seachtracha a bhfuil saineolas ar leith acu ar ábhar a bheidh ar an gclár oibre, lena n-áirítear saineolaithe ó údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus a gcomhlachais freisin, chun páirt a ghlacadh i gcruinniú iomlánach den Ardán.

2. I gcomhaontú le hArdrúnaíocht an Choimisiúin, féadfaidh Coiste na Réigiún cuireadh a thabhairt d'ionadaithe RegHub chuig cruinnithe iomlánacha an Ardáin nó ar bhonn *ad hoc*.

3. Tabharfaidh an Cathaoirleach cuireadh d'ionadaí ó Líonra Toscairí na FBManna chuig na cruinnithe iomlánacha.

Airteagal 8

Rialacha Nós Imeachta

Nuair a gheobhaidh sé togra ó Ardrúnaíocht an Choimisiúin, agus i gcomhaontú leis an Ardrúnaíocht freisin, glacfaidh an tArdán a rialacha nós imeachta bunaithe ar rialacha caighdeánacha nós imeachta le haghaidh grúpaí saineolaithe, i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha.

Airteagal 9

An rúndacht ghairmiúil agus faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil

Na comhaltaí den Ardán agus a n-ionadaithe mar aon le saineolaithe iarrtha, tá siad faoi réir oibleagáidí na rúndachta gairmiúla, oibleagáidí a bhfuil feidhm acu, de bhua na gConarthaí agus na rialacha lena gcuirtear chun feidhme iad, maidir le gach comhalta de chuid na n-Institiúidí agus a bhfoirne. Ina theannta sin, tá siad faoi réir rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil a bhaineann le cosaint fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais, rialacha a leagtar síos i gCinntí (AE, Euratom) 2015/443 ([7]) agus (AE, Euratom) 2015/444 ([8]) ón gCoimisiún. Mura n-urramóidh siad na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Coimisiún gach beart is iomchuí a ghlacadh.

Airteagal 10

Trédhearcacht

1. Clárófar an tArdán i gClár na ngrúpaí saineolaithe.

2. A mhéid a bhaineann le comhdhéanamh an Ardáin, foilseofar na sonraí seo a leanas i gClár na ngrúpaí saineolaithe:

(a) ainmneacha na ndaoine aonair a cheapfar arb ionadaithe leasa choitinn iad; an leas coiteann a ionadaítear;

(b) ainmneacha na gcomhaltaí ó chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh atá ina gcomhaltaí den Ardán (Coiste Eorpach na Réigiún agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa);

(c) ainmneacha údaráis na mBallstát.

([7]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/443/oj).

([8]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj).

Daoine aonair nach mian leo go bhfoilseofaí a n-ainm, féadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Rúnaíochta le haghaidh maolú ar an riail sin. Deonófar maolú i gcás ina mbeidh údar leis ar bhonn cúiseanna dlisteanacha dosháraithe a bhaineann le cás sonrach an duine aonair, go háirithe i gcás ina bhféadfaí a shlándáil nó a ionracas a chur i mbaol de bharr a ainm a bheith foilsithe.

3. Gach doiciméad ábhartha, lena n-áirítear na cláir oibre, na miontuairiscí iomlána agus aighneacht na rannpháirtithe, cuirfear ar fáil ar Chlár na ngrúpaí saineolaithe iad nó trí nasc ón gClár chuig suíomh gréasáin tiomnaithe, áit ar féidir an fhaisnéis sin a fháil. Ní bheidh rochtain ar an suíomh gréasáin tiomnaithe sin coinníollach ar chlárú úsáideoirí ná ar aon srian eile. Go sonrach, foilseofar an clár oibre agus doiciméid chúlra ábhartha eile in am trátha roimh an gcruinniú, agus foilseofar na miontuairiscí go tráthúil ina dhiaidh sin. Ní cheadófar eisceachtaí ón bhfoilsiú ach amháin i gcás ina mbainfí an bonn de chosaint leasa phoiblí nó leasa phríobháidigh arna shainmhíniú in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ([9]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dá bhfoilseofaí sin.

4. Beidh suíomh gréasáin tiomnaithe ag an Ardán.

Airteagal 11

Costais a bhaineann le cruinnithe

1. Ní dhéanfar rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí an Ardáin a íoc as na seirbhísí a chuireann siad ar fáil.

2. Aisíocfaidh an Coimisiún costais taistil agus chothaithe a thabhóidh rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí an Ardáin. Déanfar an aisíocaíocht i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm laistigh den Choimisiún agus laistigh de theorannacha na leithreasuithe atá ar fáil arna leithdháileadh ar ranna an Choimisiúin faoin nós imeachta bliantúil chun acmhainní a leithdháileadh.

Airteagal 12

Infheidhmeacht

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2029.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Valdis DOMBROVSKIS
Comhalta den Choimisiún

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).